

A Shaighdiúirín, a Chroí

(Síscéal Clasaiceach don Aos Óg)

Scríofa ag
Hans Christian Andersen

Gabriel Rosenstock a
d'aistrigh

Cóirithe ag
Kiwi Opa



A Shaighdiúirín, a Chroí

Scríbhneoir Danmhargach ab ea Hans Christian Andersen. Chum sé go leor síscéalta agus aistríodh go han-chuid teangacha iad. I measc na n-aistriúchán Gaeilge ar a shaothar tá *Scéalta don aos óg* a d'aistrigh Proinnsias Ó Brógáin sna 1930í.

**le Hans Christian
Andersen (1805-1975)**



LITTLE TIN SOLDIER



Fadó fadó, dhein
déantóir bréagán
cúigear
deartháireacha is
fiche, as píosa
stáin, agus iad go
léir ina saighdiúirí.

Bhí cuma an-chróga orthu ach,
dáiríre, ní raibh fonn cogaióchta
ar éinne acu.

"Nílimid chun ionsaí a
dhéanamh ar éinne," ar siad.

Ní raibh dóthain stáin fágtha
don saighdiúirín deireanach.



Fágadh ar leathchos é.

"Is cuma liom," ar seisean, "ní
raibh fonn troda orm ar aon nós!"

"Seasfaidh mé anseo, chomh cróga le
héinne eile acu!" ar seisean.



Chuir an déantóir
bréagán na saighdiúirí go
léir isteach i mbosca.

Bhí sé an-dorcha
istigh ann.

Ansin, chuir sé páipéar timpeall an
bhosca. Bronntanas lá breithe a bhí ann
do bhuachaill óg.

Nuair a d'oscail an leaid óg an bosca lig
sé liú as. "Saighdiúirí stáin!"

LITTLE TIN SOLDIER

Roghnaigh an buachaill óg an saighdiúir deireanach le bheith ag fairtheoireacht.



Leag sé saighdiúirín na leathchoise ar thúr bloc agus radharc aige ar gach rud: Teidí donn, bosca agus an lipéad 'Seáinín' air, caisleán breá agus ealaí ar snámh ar an loch agus . . .

LITTLE TIN SOLDIER



Ina seasamh sa doras bhí an cailín ab áille dá bhfaca sé riamh.

Bhuel, ba í an chéad chailín dá bhfaca sé riamh í agus - a dhála féin - is ar leathchos a bhí sí.

B'in a mheas an saighdiúirín ar aon chuma.

LITTLE TIN SOLDIER



"Spéirbhean atá inti," arsa an Saighdiúirín Stáin leis féin.

"Pósfaidh mé í lá breá éigin!"

LITTLE TIN SOLDIER



Ní raibh a fhios ag an Saighdiúirín Stáin gur rinceoir bailé ab ea í.

Ardaithe san aer laistiar di a bhí an chos eile aici.

LITTLE TIN SOLDIER



Nuair a bhuaifidh clog an mheán oíche, tiocfaidh beocht sna bréagáin go léir!

"Táim chun cuairt a thabhairt ar an spéirbhean sin agus a lámh a phógadh," arsa an Saighdiúirín Stáin.

LITTLE TIN SOLDIER



Bhuail clog an mheán oíche.
D'oscail an saighdiúirín claibín
an bhosca agus amach leis.

Bhí sé neirbhíseach. Phreab
sé leis i dtreo an chaisleáin.

LITTLE TIN SOLDIER



Go tobann, d'oscail
claibín eile! Bhí
aghaidh ghránna ag
stánadh anuas ar an
saighdiúirín:
Seáinín-i-mBosca a
bhí ann.

Bhí loinnir aisteach ina shúile.

Ar seisean, "Is mise Seáinín!"

LITTLE TIN SOLDIER

Chuir Seáinín na súile tríd:

"Fan amach uaithi sin, a phreabaire na leathchoise!" ar seisean leis.



Bhí ciúnas eatarthu ar feadh meandair.

"I mbosca beag atá cónaí ortsa, a shaighdiúirín. I gcaisleán atá sise!"

LITTLE TIN SOLDIER



D'fhéach an Saighdiúirín
Stáin suas ar an gcaisleán.

Bhí an rinceoir álainn ag
breathnú air, aoibh uirthi.

Choscair an croí stáin ann le
grá di.

Léim sé síos ar an urlár
agus phreab i dtreo an chaisleáin.



"A Shaighdiúirín Stáin!" arsa Seáinín le binb, "ní leatsa í, a chraplacháin!"

Lig an saighdiúirín air nár chuala sé é.

LITTLE TIN SOLDIER



Stán siad ar a chéile.

"Go breá!

Fan go bhfeicfidh tú.

Séidfidh gaoth . . .

agus scuabfar
chun siúil thú!"

Gháir Seáinín

agus ar ais sa bhosca leis.

LITTLE TIN SOLDIER



"Ní thabharfainnse aon aird ar Sheáinín!" arsa guth éigin. Teidí beag a bhí ann.

"Éad atá air siúd! An bhfuil a fhios agat cén fáth?"

"Níl a fhios!" arsa an Saighdiúirín Stáin.

"Níl cos ar bith faoi,
sin an fáth a bhfuil éad air!"

LITTLE TIN SOLDIER

Lig Teidí osna.

"Ní thagann sé amach ach
chun gearán a dhéanamh!"

D'fhéach an Saighdiúirín
Stáin suas ar an rinceoir
gleoite.

"Téigh chuici anois, a shaighdiúirín,
agus ná lig dó siúd
cur isteach ort. Go n-éirí go geal leat!"



LITTLE TIN SOLDIER

Ach *bhí* Seáinín-i-mBosca
tar éis cur isteach air - go mór.



Bhí eagla ag teacht air.

Shuigh sé ar bhruach an
locha, ag breathnú ar an
rincoir go dtí gur thit a
chodladh air.

LITTLE TIN SOLDIER

An mhaidin dár gcionn chonaic an buachaill óg an saighdiúirín ina luí ar an urlár. Chuir sé ar leac na fuinneoige é agus d'oscail an fhuinneog chun aer a ligean isteach.



Bhí radharc ag an saighdiúirín ar an seomra go léir: bosca Sheáinín, Teidí, an caisleán, an rinceoir gleoite.

Stán siad ar a chéile agus iad beirt faoi dhraíocht.

LITTLE TIN SOLDIER



Go tobann, shéid
gusta gaoithe agus
chaith an cuirtín an
Saighdiúirín Stáin
amach an
fhuinneog.

Agus é ag titim síos, smaoinigh sé ar
mhallacht Sheáinín-i-mBosca:
'Scuabfar chun siúil thú!'



Chuala sé
gáire
gránna
Sheáinín
os cionn na
gaoithe.

LITTLE TIN SOLDIER



Thuirling an saighdiúirín agus é bun os cionn, a bheaignit sáite i scoilt sa chosán.

Síos leis an mbuachail agus a mháthair sna sála aige agus iad ag iarraidh teacht air.

Níor tháinig.

LITTLE TIN SOLDIER

An saighdiúirín bocht.

Fuar agus uaigneach a bhí sé.

Thosaigh báisteach ag titim go trom.



"Cad atá i ndán dom?" ar seisean leis féin go brónach.

LITTLE TIN SOLDIER



An chéad rud eile,
tháinig beirt bhuachaillí.

"Saighdiúirín stáin!
Cuirimis chun farraige
é!" arsa duine acu.

Rinne siad báidín as
sean-nuachtán agus
chuireadar an
saighdiúirín ina
sheasamh inti.

LITTLE TIN SOLDIER



Sheol an báidín síos an silteán, na buachaillí á leanúint agus iad ag gáire go meidhreach.

Chuir an Saighdiúirín Stáin a mhuscaed le gualainn agus ar seisean:
"An bhfeicfidh mé mo rinceoirín go deo arís?"

LITTLE TIN SOLDIER



Bhí an báidín ag éirí
fliuch, tonnta móra á
luascadh.

Chas sí timpeall uair
nó dhó.

Bhí an saighdiúirín ar crith,
greim docht ar a mhuscaed aige.

LITTLE TIN SOLDIER



Bhí draein roimhe:

"Cad a tharlóidh
anois?" arsa an
Saighdiúirín Stáin
leis féin. Lig sé béic
chráite as:

"Cad atá déanta agat,
a Sheáinín-i-mBosca!"

LITTLE TIN SOLDIER



Bhí sé an-dorcha
sa draein, chomh
dorcha lena
bhosca féin.

Bhí soilse le
feiceáil aige ar ball.

Lampaí? Cad a bhí iontu?
Ní raibh a fhios aige.

LITTLE TIN SOLDIER

Thuig sé ansin faoi sholas an lae gur súile a bhi feicthe aige.

Francach uisce!

"Do phas!" ar seisean.



"Anois!"
An patról
teorann . . .

LITTLE TIN SOLDIER



Mheas an saighdiúirín go raibh súile an fhrancaigh chomh cruálach le súile Sheáinín-i-mBosca.

Ní dúirt sé faic, áfach, greim aige ar a mhuscaed.

LITTLE TIN SOLDIER



Sula raibh a fhios ag an bhfrancach cad a bhí beartaithe ag an saighdiúirín, réab an báidín tríd an teorainn agus as go brách léi.

LITTLE TIN SOLDIER

Bhí an francach ar buile. Dá gcloisfeá é
ag liú agus díoscán na bhfiacra aige!



"Tar ar ais!

Ar ais leat! Níor íoc

tú an dola!"

LITTLE TIN SOLDIER

"Agus ní íocfaidh!" arsa an saighdiúirín.

"Táim saor,"
ar seisean, is lig osna.



"Cá bhfios," ar
seisean leis féin,

"B'fhéidir go
bhfeicfinn mo
stóirín arís!"

LITTLE TIN SOLDIER

Chuala sé glór nár aithin sé.



Eas a bhí ann.
Léim an bád san aer.

I bhfad thíos uaidh,
bhí canáil.

"Ná habair! Arís?" arsa an saighdiúirín. Bhí eagla air, ach choinnigh sé na súile ar oscailt.

LITTLE TIN SOLDIER

Thosaigh an bád ag casadh san aer,
thit sí sa chanáil agus rinneadh
smidiríní di.

Síos go tóin poill leis an
Saighdiúirín Stáin. Síos . . .
síos . . . síos.



LITTLE TIN SOLDIER

Ansin . . . dorchadas arís.

Smaoinigh sé ar aoibh an rinceora agus ansin chuala sé amhrán:



"A shaighdiúirín, a chroí

Will you marry, marry me

Le haigh nó le hó

Nó le bualadh 'n drum."

"Cá bhfuilim?" ar seisean.

LITTLE TIN SOLDIER

Thuig sé ansin gur slogtha ag iasc a bhí sé!



Luigh sé ar fhleasc a dhroma i mbolg an éisc, a mhuscaed lena thaobh.

Bhí an t-iasc á oibriú féin. Ansin, go tobann, d'éirigh sé an-chiúin.

LITTLE TIN SOLDIER

Go tobann, líonadh an
bolg le solas!
"An ar neamh atáim?"
arsa an saighdiúirín.



Ansin,
chuala sé guth
a d'aithin sé.

LITTLE TIN SOLDIER



"Dia linn is Muire! Is é saighdiúirín na leathchoise é, an leaid a thit amach an fhuinneog!"

Ba le máthair an bhuachalla an guth.

LITTLE TIN SOLDIER

An t-iasc sa chanáil a shlog é,
cheannaigh máthair an
bhuachalla ar an margadh é.

Ní go dtí gur
ghlan sí an
t-iasc a chonaic
sí an
saighdiúirín ann.



LITTLE TIN SOLDIER



Nigh sí agus
thriomaigh sí é agus
chuir sa chaisleán é
in aice an rinceora.

"Á," ar sí, "nach
breá an lánúin iad!"

LITTLE TIN SOLDIER



Bhraith sé in aice leis í,
níos gaire dó ná a chroí
féin.

"Nuair a bhuailfidh clog an
mheán oíche, táim chun
cead a fháil uaithi póigín a
bhaint di!" ar seisean.

LITTLE TIN SOLDIER

Ach cad faoi mhallacht Sheáinín?



Tháinig deirfiúr an bhuachalla isteach sa seomra. "Nach gránna é!" ar sise.

"Craplachán!"
Chaith sí sa tine é.



Bhí a éide trí thine.

Ní raibh a fhios i gceart aige an tachtá ag an deatach a bhí sé nó an é tocht an ghrá a bhí air.

Ach bhí a fhios aige gur ag leá a bhí sé.

LITTLE TIN SOLDIER



Fuair sé radharc amháin eile ar an rinceoir aoibhinn. Bhí deora léi.

Ghlan na deora sin focail Sheáinin de chroí an tsaighdúra.

LITTLE TIN SOLDIER



Shéid an ghaoth agus scuabadh an rinceoir trasna an tseomra agus isteach i mbaclainn lasartha an tsaighdiúra.

LITTLE TIN SOLDIER



"A chuisle gheal
mo chroí!" arsa
an Saighdiúirín
Stáin. "An rincfidh
tú liom?"

"Rincfidh!" ar
sí.

LITTLE TIN SOLDIER

An mhaidin dár gcionn, tháinig an
mháthair isteach chun an áit a
ghlanadh.


Cad a chonaic sí sa
tinteán ach croí an
tsaighdiúirín agus
rós tinsil an rinceora



. . . le chéile go deo



A CHRÍOCH



A Shaighdiúirín, a Chroí

A shaighdiúirín, a chroí will you marry marry me?"

Le haigh nó le hó nó le bualadh an drum'

"A chailín bhig mo chroí, conas a phósfainnse thú,

Is gan fiú na mbróga 'gam a chuirfinn orm?"

Ach chuaigh mé chuig an ngréasaí ab fhearr a bhí ann

Agus cheannaigh mise bróga do mo shaighdiúirín ann:

"A shaighdiúirín, a chroí will you marry marry me?"

Le haigh nó le hó nó le bualadh an drum'

Andersen (1805-1875)

A KIWI OPA PRODUCTION



<https://www.freekidsbooks.org>

Simply great free books -

Preschool, early grades, picture books, learning to read,
early chapter books, middle grade, young adult,

Pratham, Book Dash, Mustardseed, Open Equal Free, and many more!

Always Free – Always will be!

Legal Notice: This book is in **PUBLIC DOMAIN**- YAY!!! That means you can reuse it in pretty much any way you wish. We greatly appreciate if you credit to us as a source by including a link to our site, <https://www.freekidsbooks.org>, on your post or end product, or simply leave this page intact, so more people can enjoy great free books. Please reach out and contact us <https://www.freekidsbooks.org/about> if you want more information, or want to share your project with us, so we can help with promotion. Please, enjoy this, and our many more free kids books!